2026/2616

23.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2616 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac [1], agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2026, ghlac an Comhairle Rialachán (AE) 2026/456 [2], lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó The Base, ba cheart duine amháin a chur leis an liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

---

[1] IO L 344, 28.12.2001, lch. 70, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/2580/oj.

[2] Rialachán (AE) 2026/456 ón gComhairle an 26 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha arna ndíriú ar dhaoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1578 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/420 (IO L, 2026/456, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/456/oj).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

‘1. NAZZARO Rinaldo (ar a dtugtar freisin Norman Spear, Roman Wolf); Áit bhreithe: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Náisiúntacht: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Inscne: fireann.’.